

Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017

AN SCÉIM GHINEARÁLTA AGUS DRÉACHTCHINN AN BHILLE

Cuirfear an téacs ullmhaithe ag an dréachtóir parlaiminte i mBille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015 ar fáil faoin nóta míniúcháin áit a meastar go gclúdaítear go leordhóthanach na hathruithe a theastaíonn.

Tá sleachta as Tuarascáil an Chomhchoiste maidir le Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2014 san áireamh, áit is cuí.

Cuid 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Ceannteideal 1 Gearrtheideal agus tosach feidhme

Ceannteideal 2 Léiriú

Cuid 2

Leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ceannteideal 3 Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht

Ceannteideal 4 Ceann comhlachta phoiblí a cheapadh

Ceannteideal 5 Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht

Ceannteideal 6 Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht

Ceannteideal 7 Ailt 11-18 den Phríomh-Acht a scriosadh

Ceannteideal 8 Alt Nua: Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha,
seoltaí agus foirmeacha oifigiúla i nGaeilge

Ceannteideal 9 Alt Nua: Earcaíocht don tseirbhís phoiblí

Ceannteideal 10 Alt Nua: Caighdeáin a Thabhairt Isteach

Ceannteideal 11 Alt Nua: Neamhchomhlíonadh Rialachán

Ceannteideal 12 Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht

Ceannteideal 13 Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht

Ceannteideal 14 Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

Cuid 1

Réamhráiteach agus Ginearálta

Ceannteideal 1

Gearrtheideal agus tosach feidhme

Foráil a dhéanamh:

- Chun go bhféadfar Bille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017 a ghairm den Bhille seo; agus
- Chun go bhféadfar na forálacha atá anseo a thosú ar dháta nó ar dhátaí a fhorordóidh an tAire.

Nóta Míniúcháin

Is forálacha caighdeánacha iad seo.

Ceannteideal 2 Léiriú

Foráil a dhéanamh:

Sa Bhille seo mar seo a leanas:-

Ciallaíonn “Aire” an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, mura sonraítear a mhalairt;

Déanfar “comhlacht poiblí” a fhorléiriú de réir an Chéad Sceideal arna leasú i gceannteideal 14;

Tá le “scéim” an bhrí atá leis sa Phríomh-Acht;

Ciallaíonn “caighdeánach” leibhéal íosta ceadaithe comhlíonta le linn beartas poiblí a dhéanamh nó seirbhís phoiblí a sheachadadh;

Ciallaíonn “Príomh-Acht” Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003;

Nóta Míniúcháin

Is foráil chaighdeánach é an ceannteideal seo ina bhfuil mínithe ar théarmaí fíorthábhachtacha an Bhille. Níl sé i gceist gur liosta iomlán é liosta molta na dtéarmaí.

Mar a fhoráiltear i gCeannteideal 10, foilseofar tacar cuimsitheach caighdeán i reachtaíocht thánaisteach agus déanfar é a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ó am go ham. Cabhróidh na caighdeáin, a dhíreofar ar sheachadadh seirbhíse agus ar cheapadh beartais, le comhlachtaí poiblí tuilleadh seirbhísí a sheachadadh do chainteoirí Gaeilge.

Cuid 2

Leasú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Ceannteideal 3 Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

- (1) Maidir le mínithe ar ‘Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta’ agus ‘Baile Seirbhíse Gaeltachta’ de réir Acht na Gaeltachta 2012 a chur isteach;
- (2) Maidir le míniú nua ar ‘limistéar Gaeltachta’ de réir Acht na Gaeltachta 2012 a chur isteach; agus
- (3) Maidir le halt 2 den Phríomh-Acht, lena ndéantar foráil maidir leis an míniú ar “ceann comhlachta phoiblí”, a leasú chun an míniú ar cheann comhlachta phoiblí a chur de réir a bhfuil san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (Uimh. 27 de 1997).
- (4) Maidir le míniú ar ‘Líonra Gaeilge’ de réir Acht na Gaeltachta 2012 a chur isteach .

Nóta Míniúcháin

Is é is éifeacht don leasú seo an míniú ar cheann comhlachta phoiblí a chur de réir a bhfuil san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997, a meastar gurb é an míniú is cuí. Ina theannta sin, beidh míniú na dtéarmaí a tugadh isteach in Acht na Gaeltachta 2012 san áireamh anois i mBille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2017.

Téacs molta

Seo a leanas an téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015:

Leasú ar alt 2(1) den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 2(1) den Phríomh-Acht -

- (a) trí na mínithe seo a leanas a chur in ionad “limistéar Gaeltachta”:

“Tá le ‘limistéar Gaeltachta’ an bhrí atá leis i gCuid 2 d’Acht na Gaeltachta 2012;”,

- (b) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“Tá le ‘Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta’ agus ‘Baile Seirbhíse Gaeltachta’ na bríonna faoi seach atá leo i gCuid 2 d’Acht na Gaeltachta 2012;”,

- (c) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach in ionad an mhínithe ar “ceann comhlachta phoiblí”:

“ciallaíonn ‘ceann comhlachta phoiblí’ an duine arna cheapadh nó arna ceapadh mar phríomhoifigeach an chomhlachta phoiblí nó, i gcás nach bhfuil aon duine den sórt sin ceaptha, an duine arna ainmniú nó arna hainmniú le hordú ón Rialtas arna dhéanamh faoi alt 4A chun bheith mar cheann an chomhlachta phoiblí chun críocha an Achta seo;”, agus

- (d) tríd an míniú seo a leanas a chur isteach:

“Tá le ‘Líonra Gaeilge’ an bhrí atá leis i gCuid 2 d’Acht na Gaeltachta 2012;”.

Ceannteideal 4 Ceann comhlachta phoiblí a cheapadh

Foráil a dhéanamh:

Maidir le cás ina bhfuil post cheann comhlachta phoiblí folamh, go bhféadfar duine laistigh den chomhlacht poiblí a cheapadh mar cheann comhlachta phoiblí chun críocha an Achta.

Nóta Míniúcháin

Leis an bhforáil seo cinnteofar go leanfar le comhlíonadh na ndualgas atá ar chomhlachtaí poiblí faoi réim an Bhille fiú nuair atá post cheann comhlachta phoiblí folamh go sealadach.

Téacs molta

Seo a leanas an téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015:

Ceann comhlachta phoiblí a cheapadh

3. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 4:

“4A. I gcás gan aon duine a bheith ceaptha mar phríomhoifigeach comhlachta phoiblí, féadfaidh an Rialtas le hordú duine a ainmniú chun bheith ina cheann nó ina ceann ar an gcomhlacht poiblí chun críocha an Achta seo.”.

Foráil a dhéanamh:

- Maidir le halt 8 den Acht a leasú chun forálacha nua a áireamh ann chun go dtionólfar ar a laghad suí amháin in aghaidh na bliana de chuid na Cúirte Dúiche i nGaeilge i ngach ceann de na ceantair a fhreastalaíonn ar limistéir Ghaeltachta.
- I gcás ina bhfuil limistéar Gaeltachta i gCuaird Chúirte Cuarda i gContae Chorcaí, Contae Dhún na nGall, Contae na Gaillimhe, Contae Chiarraí, Contae na Mí, Contae Mhaigh Eo nó i gContae Phort Láirge, déanfar suí amháin ar a laghad den chúirt sin a sheoladh sa limistéar sin go bliantúil agus déanfar é a sheoladh i nGaeilge gan dochar do chearta na bpáirtithe nach comhlachtaí poiblí agus gach finné Béarla nó teanga eile a úsáid.

Nóta Míniúcháin

Déileálann alt 8 den Phríomh-Acht le cearta cainteoirí Gaeilge i dtéarmaí riar an cheartais. Dírítear na forálacha atá ann cheana ar oibríochtaí imeachtaí na cúirte, e.g. doiciméadacht chúirte nó ateangaireacht chomhuaineach. Dírítear na forálacha nua ar shuíomh na n-imeachtaí cúirte sin atá le seoladh trí Ghaeilge sna Cúirteanna Dúiche agus Cuarda éagsúla.

Go bunúsach, cinnteoidh an chéad leasú agus an dara leasú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre sna cúirteanna sa Ghaeltacht. Tacaíonn moladh 14 de Thuarascáil an Chomhchoiste maidir le Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2014 le cur isteach an cheannteidil seo - féach an chóip thíos mar thagairt.

Moladh 14:

Ba chóir do gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna a bheith faoi oibleagáid gealltanais a thabhairt go soláthróidh siad a seirbhísí uile trí Ghaeilge sna limistéir uile in Éirinn lena n-áirítear agus go háirithe i limistéir Ghaeltachta... Ba chóir an tseirbhís a sholáthrófar i nGaeilge a bheith ar an gcaighdeán céanna leis an tseirbhís a sholáthrófar i mBéarla.

Ceannteideal 6 Leasú ar alt 9 den Phríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

- Maidir le hainmneacha Gaeilge a bheith ag gach comhlacht poiblí nua seachas i gcás ina n-oibríonn an comhlacht poiblí, den chuid is mó, lasmuigh den Stát. Sa chás sin, beidh ainm i nGaeilge agus i mBéarla ag an gcomhlacht.
- Maidir le lógónna dátheangacha a bheith ag gach comhlacht poiblí nua. Cinnteoidh gach comhlacht poiblí a dhéanann a lógó a athnuachan, a athrú nó a leasú ar shlí eile go bhfuil an lógó dátheangach.
- Maidir leis an Aire, le Rialachán, do bheith in ann dearadh na bhfoirmeacha oifigiúla i nGaeilge nó sa dá theanga oifigiúla a shonrú.

Nóta Míniúcháin

Leis na forálacha seo cinnteofar go mbeidh céannacht chorparáideach ag comhlachtaí poiblí a léiríonn a stádas mar chomhlachtaí poiblí a thagann faoi réim Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Leagtar amach sna hailt seo a leanas sonraí na mbeart atá beartaithe:

Ainmneacha Comhlachtaí poiblí

Beidh ainm aon chomhlachta phoiblí a bhunófar tar éis tabhairt isteach an Achta seo i nGaeilge amháin seachas i gcás aon Roinne Stáit nó aon chomhlachta phoiblí a chuireann a feidhmeanna nó a fheidhmeanna i gcrích den chuid is mó lasmuigh den Stáit, ag a mbeidh ainmneacha i nGaeilge agus i mBéarla araon agus beidh an stádas céanna agus an suntasacht chéanna ag an dá leagan ar lógó agus stáiseanóireacht an chomhlachta phoiblí sin.

Lógónna

Beidh aon lógó de chuid chomhlachta phoiblí i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon d'ainneoin aon achtacháin eile. I gcás lógó i nGaeilge agus i mBéarla araon:

- beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús,
- beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla, beidh an cló, cuma agus stíl chéanna air agus beidh sé ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann,
- ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla,
- maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl,
- ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Foirmeacha

D'fhéadfadh an méid seo a leanas a bheith san áireamh le rialacháin a bhaineann le foirmeacha oifigiúla:

Is i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla araon a bheidh aon fhoirm oifigiúil arna táirgeadh ag comhlacht poiblí, nó thar a cheann, atá le comhlánú ag duine, nó thar a cheann nó thar a ceann. I gcás foirmeacha oifigiúla i nGaeilge agus i mBéarla araon:

- beidh an téacs i nGaeilge ann ar dtús;
- beidh an téacs i nGaeilge chomh feiceálach, chomh sofheicthe agus chomh hinléite céanna leis an téacs i mBéarla, beidh an cló, cuma agus stíl chéanna air agus beidh sé ar an taobh céanna den leathanach lena mbaineann;
- ní bheidh na litreacha sa téacs i nGaeilge níos lú, ó thaobh méide de, ná na litreacha sa téacs i mBéarla;
- maidir leis an téacs i nGaeilge, cuirfidh sé in iúl an fhaisnéis chéanna leis an bhfaisnéis a chuireann an téacs i mBéarla in iúl;
- ní dhéanfar focal sa téacs i nGaeilge a ghiorrú mura rud é go bhfuil an focal sa téacs i mBéarla, ar aistriúchán air é, giorraithe freisin.

Ceannteideal 7 Ailt 11-18 den Phríomh-Acht a Scriosadh

Foráil a dhéanamh:

Maidir le hailt 11, 12, 13, 14, 15, 16, 17 agus 18 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a scriosadh.

Nóta Míniúcháin

Leis an bhforáil seo déantar ailt ón Phríomh-Acht lena gcuirfear oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí Scéimeanna Teanga a ullmhú agus a chur i ngníomh a scriosadh. Déanfar caighdeán teanga a chur in ionad Scéimeanna Teanga - tagraíonn Ceannteideal 10 dó sin. Fanfaidh na Scéimeanna atá ann cheana i bhfeidhm, áfach, go dtiocfaidh caighdeán nua ina n-áit.

Ceannteideal 8 Alt nua: Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha, seoltaí agus foirmeacha oifigiúla i nGaeilge

Foráil a dhéanamh:

- Maidir le dualgas ar gach comhlacht poiblí daoine a éascú i ndáil le leagan Gaeilge nó leagan Béarla a n-ainmneacha agus a seoltaí poist, cibé acu is mian leo, a úsáid ina gcomhfhreagras le comhlachtaí poiblí.
- Go mbeidh sé roghnach teideal a úsáid roimh ainm duine. Leis an bhforáil seo clúdaítear idirghníomhaíochtaí clóite agus leictreonacha le comhlacht poiblí.
- Maidir le líne roghnach a chur isteach chun freastal ar dhaoine a bhfuil ‘ainm áitiúil’ acu lena ndéantar idirdhealú idir iad agus daoine eile leis an ainm céanna sa cheantar.

Nóta Míniúcháin

Cinnteoídh an chéad dá fhoráil go n-éascóidh comhlachtaí poiblí úsáid ainmneacha agus seoltaí sa dá theanga oifigiúla, lena n-áirítear úsáid an tsínithe fhada agus sloinnte níos faide a éascú agus aon oibleagáidí atá ar dhuine maidir le teideal a úsáid roimh a ainm nó a hainm in idirghníomhaíochtaí clóite nó leictreonacha a scríosadh. Leis an tríú foráil beifear in ann líne a chur isteach, a mbeidh sé roghnach a chomhlíonadh, le haghaidh ainm áitiúil a thairfeadh.

Tá ‘ainmneacha áitiúla’ ceaptha le hidirdhealú a dhéanamh idir daoine a bhfuil an ainm céanna acu agus atá mar bhaill de theaghlach éagsúla nó idirdhealú a dhéanamh idir ghlúine éagsúla laistigh de theaghlach amháin, e.g. John Conneely – Johnny Joe Shéamuis. I mórán de réigiúin na Gaeltachta leanann an córas traidisiúnta seo an t-ainm athartha nó, níos annaimhe, an t-ainm máthartha. Tá an fhoráil seo tábhachtach mar go dtugann se aitheantas do luach cultúrtha an chórais thraidisiúnta ainmniúcháin áitiúil. Ina theannta sin, ó tharla nach bhfuil sé éigeantach faoi láthair Eirchóid a úsáid, d’fhéadfadh a úsáid aitheantóir eile a sholáthar do Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí nuair atá seoladh á chur ar chomhfhreagras chuig daoine, go háirithe i réigiúin na Gaeltachta. Ní thugtar le haitheantas ar ainm áitiúil stádas oifigiúil don ainm féin mar go bhfuil ainm oifigiúil duine cláraithe ar a dteastas breithe - is beart ionchuimsitheach é atá ceaptha chun tacú le pobail sa Ghaeltacht. Is é an baol a bhaineann le mainneachtain aitheantas agus tacaíocht a thabhairt d’úsáid ainmneacha áitiúla agus í a éascú ná go ndéanfar an córas traidisiúnta a dhí-úsáid agus go mbeidh se caillte ag na glúine atá le teacht.

Tacaítear le húsáid ainmneacha áitiúla le fasach sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta nuair a cuireadh líne san áireamh le foirm iarratais do Scéim na mBóithre Áise le haghaidh ‘ainm áitiúil’.

Baineann impleachtaí ionchasacha praiticiúla le tabhairt isteach na bhforálacha seo i réimsí amhail IT agus córais ghnó eile a úsáidtear san earnáil phoiblí agus d’fhéadfaí, mar sin, go mbeidh gá le tréimhse thionscnaimh sula gcuirfeadh i bhfeidhm é chun deis a thabhairt do chomhlachtaí poiblí a gcórais a leasú. Mar thoradh air sin, tá sé beartaithe a chumasú don Aire an fhoráil seo a chur i ngníomh ar bhonn céimnithe ar dháta nó ar dhátaí a fhorordófar le

rialachán. Is é is aidhm leis an gcur chuige seo a cheadú don Aire cur le liosta na gcomhlachtaí lena mbaineann an fhoráil, de réir mar a leasaítear a gcórais ghnó chun an fhoráil a chur san áireamh. Ar leibhéal praiticiúil, cuirfear comhlachtaí poiblí ar an eolas faoi na riachtanais seo faoin Acht ar bhonn riaracháin agus iarrfar orthu amscála a chur ar fáil ar laistigh de a aontaíonn siad na ceartuithe cuí a dhéanamh ar a gcórais.

Téacs molta

Tagraítear sa téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015 d’fho-alt (1) thuas mar seo a leanas:

Dualgas comhlachtaí poiblí maidir le hainmneacha agus seoltaí i nGaeilge

4. Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 9:

- “9A. (1) D’fhonn cinnte a dhéanamh go ndéanfaidh comhlacht poiblí ainm nó seoladh duine, nó iad araon, a thaifead agus a úsáid i gceart i nGaeilge, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle le cibé Aire den Rialtas (más ann) is cuí leis an Aire ag féachaint d’fheidhmeanna an chomhlachta phoiblí, an comhlacht a fhorordú chun críocha an ailt seo.
- (2) Féadfaidh an tAire, le linn dó nó di comhlacht poiblí a fhorordú faoi fho-alt (1), na seirbhísí a thairgfídh nó a sholáthróidh an comhlacht ar ina leith a fhorordaítear amhlaidh é, a shonrú.
- (3) Cinnteoidh comhlacht poiblí a fhorordaítear faoi fho-alt (1) go bhfuil na córais faisnéise agus cumarsáide, agus aon chórais eile (cibé acu is córais leictreonacha nó neamhleictreonacha iad), a úsáideann an comhlacht le linn dó cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, de réir mar is cuí, cumraithe ar mhodh a cheadaíonn ainm nó seoladh duine, nó iad araon, i nGaeilge a thaifeadadh agus a úsáid i gceart ag córais den sórt sin i ndáil leis na seirbhísí ar ina leith a fhorordaítear an comhlacht amhlaidh.”

Tá an fhoráil seo ag teacht le moladh 28 de Thuarascáil an Chomhchoiste maidir le Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2014.

Moladh 28:

Ba chóir do gach comhlacht poiblí, lena n-áirítear an tSeirbhís Chúirteanna, a bheith faoi oibleagáid a chinntiú go ndéanfaidh siad, ina gcuid cumarsáidí agus caidrimh le tríú páirtithe, an cúram céanna maidir le cruinneas i gcás daoine agus eagraíochtaí a úsáideann an leagan Gaeilge dá n-ainmneacha agus dá seoltaí agus a dhéanann siad ina gcás siúd a úsáideann an leagan Béarla dá n-ainmneacha agus dá seoltaí. Ba chóir go mbeadh d'oibleagáid ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil na sonraíochtaí teicniúla agus na córais faisnéise is gá acu chun an riachtanas seo a chomhlíonadh. Ba chóir do gach comhlacht poiblí a bheith faoi oibleagáid aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ina ráitis straitéise agus ina dtuarascálacha bliantúla. Ba chóir do chomhlachtaí poiblí achoimre a thabhairt ar scála ama sonracha, suas go dtí tréimhse uasta 3 bliana, chun an ceanglas seo a chomhlíonadh agus ar na bearta sonracha a bhfuil beartaithe acu a dhéanamh chun é a chomhlíonadh.

Ceannteideal 9 Alt Nua: Earcaíocht don earnáil phoiblí

Ag féachaint do na cuspóirí foriomlána go mbeidh 20% d'earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí ina gcainteoirí Gaeilge, go bhfeidhmeoidh gach oifig phoiblí lonnaithe sa Ghaeltacht trí mheán na Gaeilge agus go méadófaí acmhainneacht chomhlachtaí poiblí seirbhísí poiblí a sholáthar trí Ghaeilge, foráil a dhéanamh:

- Maidir le comórtas ar leithligh do chainteoirí Gaeilge a reáchtáil do gach feachtas earcaíochta sa tseirbhís phoiblí do ghráid seirbhíse ginearálta arna riar ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí.
- Maidir le gach grád eile sa tseirbhís phoiblí, féadfaidh an tAire, tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus aon Aire eile nó Ceanntaigh chomhlachta poiblí a mheasfaidh an tAire is gá, a ordú don tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí comórtais ar leithligh a bhunú do chainteoirí Gaeilge.
- Féadfaidh an tAire grúpa comhairleach a bhunú lena n-áireofar ionadaithe don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí, an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta agus aon chomhlacht poiblí eile, de réir mar is cuí, chun comhairle a chur ar an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí maidir leis na comórtais earcaíochta agus an cuspóir líon na gcainteoirí Gaeilge atá in ann feidhmiú go dátheangach a mhéadú sa tseirbhís phoiblí, agus an soláthar cainteoirí Gaeilge in oifigí lonnaithe i limistéir Ghaeltachta nó a fhreastalaíonn ar limistéir Ghaeltachta a chinntiú.
- Maidir leis an Aire do shonrú le Rialachán an modh ina ndéanfar cainteoirí Gaeilge a n-éireoidh leo i gcomórtais earcaíochta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí a leithroinnt ar chomhlachtaí poiblí.

Nóta Míniúcháin

Leis na forálacha seo léirítear aidhm an Aire an cion de chainteoirí Gaeilge a earcaítear don tseirbhís phoiblí a mhéadú go 20% san fhadtréimhse, ar an gcaoi sin ag méadú acmhainneacht chomhlachtaí poiblí seirbhísí a sholáthar i nGaeilge do chainteoirí Gaeilge agus do phobail Ghaeltachta.

Ceannteideal 10 Alt Nua: Caighdeáin a Thabhairt Isteach

Foráil a dhéanamh:

- Maidir le caighdeáin teanga a thabhairt isteach, tar éis dul i gcomhairle le ranna rialtais agus comhlachtaí poiblí ábhartha, le Rialachán, le haghaidh earnálacha éagsúla den tseirbhís phoiblí in ionad chóras reatha na scéimeanna teanga.
- Fanfaidh na scéimeanna teanga atá ann cheana i bhfeidhm go dtí cibé tráth atá caighdeáin nua sannta le cur ina n-ionad.

Nóta Míniúcháin

Measann príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Coimisinéir Teanga, nach bhfuil córas na scéimeanna teanga a bunaíodh faoin bPríomh-Acht oiriúnach don fheidhm. Leag an Coimisinéir, Rónán Ó Domhnaill, amach go leor de na laigeachtaí atá i bhformáid na scéimeanna teanga sa doiciméad ‘Tráchttaireacht ar Chóras na Scéimeanna Teanga’, a foilsíodh i mí Aibreáin 2017. Sa doiciméad, luann sé go bhfuil na comhlachtaí poiblí ag cúlú ar ghealltanais in ‘52% de na dara nó na tríú scéimeanna teanga a aontaíodh in 2015 agus in 2016.’ Léiríonn maolú seo na scéimeanna teanga nach bhfuil siad éifeachtach níos mó. Tugadh faoi deara freisin go dtógann sé 3½ bliana scéim teanga a aontú, ar an meán. Mhol an Coimisinéir roimhe seo go dtabharfaí caighdeáin teanga isteach ar nós samhail na Breataine Bige.

Is é is críoch an cheannteidil seo oibleagáidí a chur ar chomhlachtaí poiblí caighdeáin a thabhairt isteach agus a chur i bhfeidhm i leith na Gaeilge de réir mar a fhorordóidh an tAire. Trí chaighdeáin a thabhairt isteach beidh níos mó soiléireachta ag comhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht. Cinnteoidh sé freisin go nglacfar cur chuige níos comhtháite i leith sheirbhísí a sholáthar i nGaeilge.

Beidh an córas nua cuimsitheach ach intuigthe go héasca freisin leis an leibhéal is airde comhaill a chinntiú. Cuideoidh sé leis na heagraíochtaí an Ghaeilge a leabú ina gcéannacht chorparáideach agus cinnte a dhéanamh go bhfuil sé ag croílár a gcreat corparáidigh ar bhealach an-struchtúrtha agus praiticiúil. Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go ndéanfar na hoibleagáidí a ghrádú leis an méid seo a leanas a léiriú maidir le roinnt comhlachtaí poiblí:

- go bhfuil níos mó acmhainní ar fáil acu;
- go bhfuil níos mó idirphlé acu le cainteoirí Gaeilge;
- go bhfuil siad lonnaithe i limistéar Gaeltachta nó in aice le limistéar Gaeltachta.

Áireofar leis na caighdeáin aicmí doiciméad a bheidh le cur ar fáil sa dá theanga oifigiúla. Déanfar na caighdeáin éagsúla, lena n-áirítear caighdeáin seachadta seirbhíse agus caighdeáin déanta beartais, a shráthú. Mar sin de, beidh níos mó dualgais ar eagraíochtaí a bhfuil oifig acu sa Ghaeltacht nó a bhfuil níos mó idirphlé acu le cainteoirí Gaeilge i dtaca le seirbhísí a sholáthar sa teanga oifigiúil sin. Tá samhail na gcaighdeán níos solúbtha, níos réadúla agus níos soláimhsithe agus ligfidh sé do chomhlachtaí poiblí freastal níos fearr a dhéanamh ar

riachtanais úsáideoirí a seirbhísí. Ina theannta sin, ba cheart go gcuideodh an dul chun cinn atá déanta sa teicneolaíocht go mór leis an gcreat ama chun na caighdeáin shannta a chur i bhfeidhm a laghdú.

Ta bearta idirthréimhseacha á dtabhairt isteach lena chinntiú go leanfaidh comhlachtaí poiblí ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil i nGaeilge do chainteoirí Gaeilge le linn na tréimhse sin.

Mar shampla de chaighdeán a d'fhéadfaí a chur san áireamh tá an ‘Tairiscint Ghníomhach’. Is ionann an tairiscint ghníomhach agus bealach chun beannú don phobal lena gcuirtear in iúl dóibh go bhfuil fáilte rompu cumarsáid a dhéanamh i mBéarla nó i nGaeilge agus eolas nó seirbhís á lorg acu. Is féidir tairiscint ghníomhach a bheith i bhfoirm chomhartha, beannacht phearsanta nó teachtaireacht thaifeadta. Tá ról i dtaca leis an tairiscint ghníomhach ag gach duine a bhíonn ag freastal ar an bpobal.

Mura bhfuil an t-oifigeach in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, is é an ról atá aige nó aici an ‘tairiscint’ a dhéanamh, lena chinntiú go mothaíonn daoine compordach agus iad ag iarraidh seirbhís i nGaeilge, agus rochtain a éascú ar dhuine a bheidh in ann an t-eolas nó an tseirbhís atá de dhíth orthu a sholáthar i nGaeilge.

Ar ndóigh, le go ndéanfaidh oifigeach é sin, tá sé tábhachtach go mbeidh siad ar an eolas maidir leis na hacmhainní atá ar fáil ina n-eagraíocht do chliant le Gaeilge agus conas a ba chóir iarratais ar Ghaeilge a chur ar aghaidh. Ba chóir do bhaill foirne:

- fios a bheith acu ar ainm agus eolas teagmhála Oifigeach Gaeilge a n-eagraíochta (más infheidhme)
- fios a bheith acu ar ainmneacha agus eolas teagmhála bhaill foirne dhátteangacha ainmnithe agus conas a dhéanfaidh siad teagmháil leis an gcliant
- iad féin a chur ar an eolas maidir le gealltanais a n-eagraíochta agus an raon seirbhísí a chuirtear ar fáil i nGaeilge.

Tá an fhoráil seo ag teacht le moladh 20 de Thuarascáil an Chomhchoiste maidir le Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2014.

Moladh 20:

Bíodh is go bhfuil sé lasmuigh de réimse Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2014, ba chóir don Aire aghaidh a thabhairt, gan mhoill, ar cibé acu is indéanta nó nach indéanta córas nua caighdeán, a mbeidh an reachtaíocht mar thaca leis, a chur in ionad an chórais reatha scéimeanna.

Ceannteideal 11 Alt Nua: Neamhchomhlíonadh Rialachán

Foráil a dhéanamh:

- Maidir le sárúithe ar an Acht do bheith le tuairisciú ag an gCoimisinéir Teanga do Thithe an Oireachtais.
- Maidir le fineálacha a thabhairt isteach, ar mhodh rialachán, a bheidh le forchur ar chomhlachtaí poiblí mar gheall ar neamhchomhlíonadh, agus freisin mar gheall ar sárúithe sheasmhacha agus córasacha ar an Acht.

Nóta Míniúcháin

Déanfaidh an Coimisinéir Teanga aon mhainneachtain ag comhlacht poiblí na caighdeáin a shannfar dóibh a chur i ngníomh a chinneadh. Tá an chéad fhoráil in Alt 17 den Phríomh-Acht. Tiocfaidh an beart tábhachtach cuntasachta seo faoi na hailt den Phríomh-Acht atá le scrios, áfach, eadhon ailt 11-18. Déanfar foráil leis an bhfomhírcheann seo chun an beart cuntasachta sin a chur ar ais.

Is gá cumhachtaí nua forfheidhmithe a chruthú don Choimisinéir Teanga i ndáil le forchur fineálacha i leith neamhchomhlíonta agus sárúithe sheasmhacha agus córasacha ag comhlachtaí poiblí ar théarmaí an Achta. Bainfear é sin amach trí reachtaíocht thánaisteach a thabhairt isteach. Cuirfear córas srianta agus ceartúchán san áireamh sna rialacháin agus beidh aon smachtbhannaí i gcomhréir leis an sárú/neamhchomhlíonadh. Déanfar athbhreithniú ar na fineálacha ó am go ham.

Ceannteideal 12 Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

Maidir leis an tagairt don Choimisiún Logainmneacha a scriosadh.

Nóta Míniúcháin

Tá an leasú seo riachtanach i bhfianaise chinneadh an Rialtais deireadh a chur leis an gCoimisiún Logainmneacha i mí Dheireadh Fómhair 2012, mar chuid dá *Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí*. Tá sainchoiste atá ceaptha ar bhonn riaracháin ag an Aire in ionad an Choimisiúin Logainmneacha.

Téacs molta

Seo a leanas an téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015:

Leasú ar alt 31 den Phríomh-Acht

Leasaítear alt 31 den Phríomh-Acht tríd an sainmhíniú ar “an Coimisiún” a scriosadh.

Ceannteideal 13 Leasú ar alt 32 den Phríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

Maidir leis an Aire do dhul i gcomhairle le cibé daoine is cuí leis an Aire, sula bhfeidhmíonn an tAire na feidhmeanna dá dtagraítear i bhfo-ailt 32(1)(a) agus 32(1)(b).

Nóta Míniúcháin

Is mar thoradh ar an leasú roimhe seo i gceannteideal 14 atá an leasú seo beartaithe. Déantar foráil leis maidir le próiseas comhairliúcháin sula ndéanfaidh an tAire Ordú Logainmneacha a dhéanamh, a leasú nó a chúlghairm.

Téacs molta

Seo a leanas an téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015:

Leasú ar alt 32(1) den Phríomh-Acht

Leasaítear alt 32(1) den Phríomh-Acht trí “an tAire, tar éis dó nó di dul i gcomhairle le cibé daoine ag a bhfuil taithí nó saineolas i ndáil le hábhair a bhaineann le logainmneacha, nó iad araon, de réir mar is cuí leis nó léi” a chur in ionad “an tAire, tar éis dó nó di comhairle a fháil ón gCoimisiún agus an chomhairle sin a bhreithniú”.

Ceannteideal 14 Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

Foráil a dhéanamh:

- Maidir leis an Aire do thabhairt liosta na gcomhlachtaí poiblí atá san áireamh leis an gCéad Sceideal a ghabhann leis an Acht chun dáta le rialachán ar bhonn débhlíantúil ar a laghad nó níos minice, má mheastar gur gá.
- Maidir le mír 1(5) (d) de Sceideal 1 a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a leasú chun breithiúnais chúirte a chur i gcuntas, a bhfuil comhairle faighte ina thaobh ó Oifig an Ard-Aighe.

Nóta Míniúcháin

Sa Chéad Sceideal a ghabhann leis an Acht liostaítear níos mó ná 600 comhlacht poiblí atá clúdaithe faoin Acht. Tá rialacháin riachtanach chun an Sceideal sin a thabhairt cothrom le dáta nuair a athróidh stádas comhlachtaí poiblí. Is é seo an cur chuige roghnaithe lena chinntiú go mbeidh an comhlacht poiblí ainmnithe clúdaithe faoin Acht. Cé go mb'fhéidir go measfaí gur modh am-íditheach agus neamhéifeachtach é seo chun a chinntiú go dtiocfaidh gach comhlacht poiblí faoi réim an Achta, tá sé bunaithe ar chomhairle iontaofa dhlí. Déantar foráil leis an gceannteideal seo freisin chun fomhír (4) a scriosadh agus leasú a dhéanamh ar fhomhír (5).

Tá sé beartaithe freisin leasú a dhéanamh ar mhír 1(5) (d) de Sceideal 1 a ghabhann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (Acht 2003).

Bhí an mhír ina foirm reatha mar ábhar thrácta diúltaigh san Ard-Chúirt agus sa Chúirt Uachtarach in *Lár-Oifig Iontrála Teo v An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta* [2010] IESC 32 agus [2008] IEHC 309. Is mian leis an Roinn an mhír a leasú chun na breithiúnais chúirte a chur i gcuntas. Fuarthas comhairle maidir leis an gceist ó Oifig an Ard-Aighne le linn do Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015 a bheith á ullmhú.

Téacs molta

Maidir leis an leasú ar alt 1(5) (d) den Chéad Sceideal, is mar seo a leanas atá an téacs ábhartha ó Bhille stampáilte na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2015:

Leasú ar an gCéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

12. Leasaítear an Chéad Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht -

(a) in alt 1 -

- (i) trí na fomhíreanna sa *Sceideal* a chur in ionad fhomhíreanna (1) agus (2),

- (ii) trí fhomhír (4) a scriosadh, agus
- (iii) i bhfomhír (5), tríd an ghlásal seo a leanas a chur in ionad chlásal (d):
 - “(d) aon chomhlacht, eagraíocht nó grúpa eile -
 - (i) a bhfuil feidhmeanna i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, nó le haicme den phobal i gcoitinne, tugtha dó nó di le haon achtachán, nó
 - (ii) a cheadaítear nó is gá le haon cheadúnas nó údarás arna dheonú nó arna thabhairt faoi aon achtachán chun feidhmeanna a chur i gcrích faoin achtachán sin nó aon achtachán eile a bhaineann leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne.”,
- (b) i mír 2, trí “chlásal (d) de mhír 1(5)” a chur in ionad “chlásal (b) de mhír 1(5)”, agus
- (c) tríd an mhír seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mír 3:

“3A. Le linn rialacháin a dhéanamh i leith comhlachta, eagraíochta nó grúpa de réir an Sceidil seo, beidh aird ag an Aire ar chríocha an Achta seo agus, le linn dó nó di déanamh amhlaidh, cuirfidh sé nó sí an méid seo a leanas i gcuntas:

 - (a) an leibhéal cumarsáide, cibé acu i scríbhinn nó ar ríomhphost, ar an teileafón nó go pearsanta, idir an comhlacht, eagraíocht nó grúpa lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne;

- (b) an leibhéal cumarsáide, cibé acu i scríbhinn nó ar ríomhphost, ar an teileafón nó go pearsanta, idir an comhlacht, eagraíocht nó grúpa lena mbaineann agus an pobal i gcoitinne nó aicme den phobal i gcoitinne a chónaíonn i Limistéar Gaeltachta, i Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó i mBaile Seirbhíse Gaeltachta nó pobal ainmnithe mar Líonra Gaeilge.”.